Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2018**
**(OR. en)**

**5977/18**

**JUR 56**
**COUR 6**
**INST 48**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14833/17 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Athbhreithniú feidhmíochta ar bhainistiú cáis i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh"<br>- Conclúidí ón gComhairle an 7-8 Nollaig 2017 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Athbhreithniú feidhmíochta ar bhainistiú cáis i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh" a ghlac an Chomhairle ag an 3583ú cruinniú dá cuid ar an 7-8 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Athbhreithniú feidhmíochta ar bhainistiú cáis i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh"**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, lena gcuirtear measúnú cuimsitheach ar fáil i dtaca le héifeachtúlacht na nósanna imeachta bainistithe cáis i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus ag an am céanna déantar neamhspleáchas na Cúirte maidir lena gníomhaíocht bhreithiúnach agus le rúndacht a cuid pléití a chaomhnú. IS DÍOL SÁSAIMH DI freagairt mhionsonraithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sásta obair leanúnach a dhéanamh ar na moltaí sin.

(2) AITHNÍONN SÍ gur tháinig laghdú ar mheánfhad na n-imeachtaí sa dá chúirt, de réir a chéile, de bharr na n-iarrachtaí bainistíochta agus na nósanna imeachta bainistíochta ar thug an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta fúthu, go háirithe sa bhliain 2015, tráth ar tháinig laghdú ar riaráiste na gcásanna a bhí ar feitheamh sa Chúirt Ghinearálta, in ainneoin ardú mór ar líon na gcásanna nua a bheith ann.

(3) MOLANN SÍ do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leanúint dá hiarrachtaí cinntí breithiúnacha a chur ar fáil faoi cheann tréimhse réasúnta, agus ag an am céanna an caighdeán is airde cáilíochta a choimeád, agus leas á bhaint as na cistí poiblí faoina réir ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir.

(4) Chuige sin, TACAÍONN SÍ leis an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa gur cheart do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a scrúdú cé mar is fearr faireachán a dhéanamh ar úsáid acmhainní daonna a chuirtear go leataobh i gcomhair cáis agus an fhéidearthacht tréimhsí ama táscacha arna roinnt a bhunú, ar thréimhsí iad a bheadh curtha in oiriúint do chastacht agus do shaintréitheacht na gcásanna agus an fhéidearthacht staitisticí níos mionsonraithe a fhoilsiú a bhainfeadh le fad na n-imeachtaí.

(5) MEASANN SÍ gur ábhar a bhaineann le heagrúchán inmheánach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an moladh ón gCúirt Iniúchóirí níos mó solúbthachta a bheith ann i leith leithdháileadh rúnaithe dlí (*référendaires*), agus gurb í an Chúirt féin is fearr chun na fadhbanna a eascraíonn as tosca a bhaineann le bainistiú acmhainní agus le saincheisteanna eagraíochta a laghdú. MEABHRAÍONN SÍ, sa chomhthéacs sin, nach ceart go mbeadh sé i gceist rúnaithe dlí ná foireann tacaíochta sa bhreis a earcú, sa tríú céim den athchóiriú ar an gCúirt Ghinearálta, atá le cur i gcrích sa bhliain 2019. Le bearta don atheagrú inmheánach laistigh den institiúid, ba cheart a chinntiú go mbainfí úsáid éifeachtúil as na hacmhainní daonna atá ann cheana[1].

(6) AITHNÍONN SÍ gur gá breithiúna a ainmniú agus a cheapadh go tráthúil, mar a dúirt an Chúirt Iniúchóirí, agus é á chur san áireamh gur faoi rialtas na mBallstát atá sé breithiúna agus abhcóidí ginearálta a cheapadh, rud a tharlaíonn de thoradh próiseas casta, lena gcuimsítear tuairim an phainéil dá bhforáiltear in Airteagal 255 CFAE maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí.

(7) MEASANN SÍ gur faoi fhéinriail bhreithiúnach agus eagrúchán inmheánach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá sé an teanga a úsáidtear sa phlé a roghnú, agus dá bhrí sin gurb í an Chúirt féin is fearr chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag aon athrú ar a cleachtas mar atá ó thaobh éifeachtúlacht agus cháilíocht a gníomhaíochtaí breithiúnaí.

(8) TACAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt Iniúchóirí córas TF lán-chomhtháite a chur chun feidhme chun tacú le bainistiú cáis Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(9) IARRANN SÍ ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh aird chuí a thabhairt ar na conclúidí sin ón gComhairle agus iad i mbun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón gCúirt.

---

[1] Féach Aithris (10) de Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, IO L 341, 24.12.2015, lch 14.